BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Séú Dlísheomra)

16 Deireadh Fómhair 2024*

(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i bhfianaise na staide san Iaráin – Reo cistí – Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí lena mbaineann reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha – Ainm an iarratasóra a chur leis an liosta – An oibleagáid cúiseanna a lua – Cearta na cosanta – An ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil – Comhréireacht – Mí-úsáid cumhachtaí)

I gCás T-201/23,

Communications Regulatory Authority (CRA), atá bunaithe in Tehrān (an Iaráin), arna ionadú ag T. Clay, T. Zahedi Vafa agus K. Mehtiyeva, Dlíodóirí,

iarratasóir,

v

Comhairle an Aontais Eorpaigh, arna hionadú ag D. Laurent, P. Mahnič agus S. Lejeune, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Séú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. J. Costeira, Uachtarán, M. Kancheva (Rapóirtéir) agus U. Öberg, Breithiúna,

Cláraitheoir: V. Di Bucci,

ag féachaint don chéim i scríbhinn den nós imeachta,

ag féachaint d'iarratas ar éisteacht a shocrú gan bheith tíolactha ag na páirtithe laistigh de thrí seachtaine ón gclabhsúr ar an gcuid i scríbhinn de na himeachtaí a sheirbheáil agus i ndiaidh cinneadh, de réir Airteagal 106(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, rialú a thabhairt gan an chuid ó bhéal den nós imeachta,

an Breithiúnas seo a leanas:

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

Breithiúnas

1 Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, arb é Communications Regulatory Authority (CRA), go gcuirfí ar neamhní Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/152 ón gComhairle an 23 Eanáir 2023 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin (IO 2023 L 20 I, lch. 1, 'an Rialachán atá faoi chonspóid'), a mhéid a bhaineann an gníomh sin leis.

Cúlra na díospóide

2 Is institiúid rialtais atá cleamhnaithe le hAireacht Chumarsáide agus Theicneolaíochta Faisnéise na hIaráine ('an Aireacht Chumarsáide') é an t-iarratasóir, a rialaítear agus a eagraítear leis an dlí maidir le dualgais agus cumhachtaí na haireachta sin agus lena reachtanna. De réir na n-airteagal comhleachais sin, baineann an t-iarratasóir amach, *inter alia*, na cuspóirí arna socrú ag an Aireacht Chumarsáide in earnáil na radachumarsáide agus feidhmíonn sé dualgais agus cumhachtaí rialtais, feidhmiúcháin agus faireacháin na haireachta sin. Is í príomhghníomhaíocht an iarratasóra rialú, bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar raon na minicíochtaí san Iaráin. Le bheith cruinn faoi, bíonn an t-iarratasóir freagrach as ceadúnais a eisiúint chun seirbhísí teileachumarsáide a oibriú agus as faireachas a dhéanamh ar fheidhmíocht a sealbhóirí. Bíonn ról normatach á fheidhmiú ag an iarratasóir chomh maith trí chaighdeáin náisiúnta a mholadh do na húdaráis inniúla maidir le cumarsáid mar aon le treoracha agus rialacháin maidir leis an gcomhnasc idir líonraí cumarsáide agus teicneolaíochta ó thaobh shlándáil na nasc. Bíonn dualgais cearta úsáideoirí na seirbhísí teileachumarsáide a chosaint agus ionadaíocht a dhéanamh do Phoblacht Ioslamach na hIaráine i gcomhlachais réigiúnacha agus idirnáisiúnta in earnáil na cumarsáide á bhfeidhmiú ag an iarratasóir chomh maith.

3 An 21 Márta 2011, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh conclúidí ina dtugtar le fios gur cúis mhór imní don Aontas Eorpach staid chearta an duine a lean de dhul in olcas san Iaráin. Tharraing an Chomhairle aird ar chur faoi chois córasach shaoránaigh na hIaráine, a raibh géarleanúint á déanamh orthu agus a bhí á ngabháil iad toisc go bhfeidhmídís a gceart dlisteanach chun tuairimí a nochtadh agus comhthionóil síochánta. Ina theannta sin, dhearbhaigh an Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ag an Aontas troid i gcoinne sáruithe ar chearta an duine san Iaráin, lena n-áirítear trí bhearta sriantacha a ghlacadh go pras i gcoinne daoine a bhfuil cearta an duine á sárú go tromchúiseach acu.

4 An 12 Aibreán 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/235/CBES lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin (IO 2011 L 100, lch. 51) lena leagtar síos sraith beart sriantach maidir le daoine atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin a ordú nó a chur chun feidhme, nó daoine atá comhpháirteach iontu.

5 Cuireadh Cinneadh 2011/235 chun feidhme le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle an 12 Aibreán 2011 maidir le bearta sriantacha i gcoinne daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin (IO 2011 L 100, lch. 1), arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 215(2) CFAE.

6 Foráiltear don mhéid a leanas le hAirteagal 2(1) agus (2) de Rialachán Uimh. 359/2011:

‘1. Reofar gach ciste agus acmhainn eacnamaíoch de chuid daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí arna liostú in Iarscríbhinn I, mar aon le gach ciste nó acmhainn eacnamaíoch atá leo, faoi sheilbh acu nó á rialú acu.

2. Ní chuirfear aon chiste ná acmhainn eacnamaíoch ar fáil nó chun sochair, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d’eintitis ná do chomhlachtaí arna liostú in Iarscríbhinn I.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 I gcomhréir le hAirteagal 3(1) agus (2) de Rialachán Uimh. 359/2011, cuirfear leis an liosta atá in Iarscríbhinn I na daoine ar aithin an Chomhairle go raibh siad freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin mar aon leis na daoine, eintitis agus comhlachtaí a bhaineann leo. Sonrófar sa liosta sin na cúiseanna lena gcur leis.

8 Foráiltear don mhéid a leanas le hAirteagal 12(1) go (3) de Rialachán Uimh. 359/2011:

‘1. I gcás ina gcinnfidh an Chomhairle duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a chur faoi réir na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 2(1), leasóidh sí Iarscríbhinn I dá réir sin.

2. Cuirfidh an Chomhairle a cinneadh, lena n-áirítear na cúiseanna lena gcur leis, in iúl don duine nádúrtha nó dlítheanach, don eintiteas nó don chomhlacht [...] trí dheis a thabhairt barúlacha dó barúalacha a thíolacadh.

3. I gcás ina gcuirfear barúlacha isteach, nó ina gcuirfear fianaise nua shubstaintiúil i láthair, athbhreithneoidh an Chomhairle a cinneadh agus cuirfidh sí an duine, an t-eintiteas nó an comhlacht lena mbaineann ar an eolas dá réir sin.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 An 16 Meán Fómhair 2022, fuair an tUasal Mahsa Amini, ar Iaránach 22 bhliain d’aois í, bás san ospidéal agus í faoi choinneáil ag na póilíní moráltachta de chuid na hIaráine. Bhí agóidí mórscála ann i ndiaidh a báis agus chuir údaráis na hIaráine iad faoi chois.

10 An 25 Meán Fómhair 2022, rinne Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dearbhú, thar ceann an Aontais, ar dá réir is údar náire forneart a bheith in úsáid go forleathan díréireach i gcoinne agóideoirí neamhfhoréigneacha ag na fórsaí slándála de chuid na hIaráine. Dhearbhaigh sé ann chomh maith nár mhór dóibh siúd atá freagrach as bás an Uasail Amini a ngníomhartha a thabhairt chun cuntais agus d’iarr siad ar údaráis na hIaráine fiosrúcháin thrédhearcacha inchreidte a dhéanamh ar mhaithe leis an méid básanna agus gabhálacha a shoiléiriú, na hagóideoirí neamhfhoréigneacha a shaoradh agus an ceart chun éisteachta córa a áirithiú dóibh siúd atá á gcoinneáil. Ina theannta sin, chuir sé i dtreis gur shárú ar aghaidh ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh ab ea an cinneadh géarsrian a chur leis an rochtain ar an idirlíon agus ardáin um chur teachtaireachtaí meandracha a bhacadh. Ar deireadh, shonraigh sé go scrúdódh an tAontas na roghanna ar fad atá aige chun frithghníomhú in aghaidh dhúnmharú an Uasail Amini agus na freagartha a bhí ag na fórsaí slándála de chuid na hIaráine ar an hagóidí a bhí ann ina dhiaidh.

11 An 23 Eanáir 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/153 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2011/235 (IO 2023 L 20 l, lch. 23). Rinneadh tagairt in aithris 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2023/153 don dearbhú ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha sna téarmaí arna n-úsáid i mír 10 thuas. Sonraíodh in aithris 3 den chinneadh sin, 'Sa chomhthéacs sin, agus i gcomhréir le gealltanas an Aontais aghaidh a thabhairt ar gach saincheist imní a bhaineann leis an Iaráin, lena n-áirítear staid chearta an duine, ba cheart 18 nduine agus 19 n-eintiteas a áireamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235'. Foráladh le hAirteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2023/153 gur leasaíodh an Iarscríbhinn le Cinneadh 2011/235 i gcomhréir lena Iarscríbhinn féin.

12 Áiríodh in Uimhir 15 de liosta na n-eintiteas atá san Iarscríbhinn le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2023/153, *inter alia*, ainm an iarratasóra agus na cúiseanna lena chur leis sna téarmaí seo a leanas:

'Tá an Communication Regulatory Authority (CRA) faoi údarás an Iranian Ministry for Information and Communications Technology (ICT). Forfheidhmíonn CRA ceanglais rialtas na hIaráine ábhar idirlín a scagadh trí earraí spiaireachta ar a dtugtar SIAM.

Le linn agóidí 2022, bhain CRA úsáid as an smacht a bhí aici ar an rochtain ar an idirlíon agus ar fhóin phóca chun agóideoirí a rianú agus chun léargas mionsonraithe a thabhairt ar ghníomhaíochtaí easaontach agus agóideoirí ionas gurbh fhéidir leis na húdaráis iad sin a úsáid nuair ba mhian leo. Tá CRA freagrach, dá bhrí sin, as cur faoi chois agóideoirí síochánta, iriseoirí, cosantóirí chearta an duine, mic léinn nó daoine eile a labhraíonn amach ar son a gcearta dlisteanacha.

Tá CRA freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.'

13 An lá céanna, ghlac an Chomhairle an Rialachán atá faoi chonspóid ar bhonn Airteagal 12(1) de Rialachán Uimh. 359/2011. Tá aithrisí 2 agus 3 den Rialachán faoi chonspóid ar chomhfhocal le haithrisí 2 agus 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2023/153, cé is moite den tagairt d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 359/2011 in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh 2011/235. Foráladh le hAirteagal 1 den Rialachán atá faoi chonspóid gur leasaíodh Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 359/2011 de réir a hIarscríbhinne féin.

14 Áiríodh in Uimhir 15 de liosta na n-eintiteas san iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán faoi chonspóid, *inter alia*, ainm an iarratasóra agus na cúiseanna lena chur leis mar atá ar chomhfhocal le mír 12 thuas.

15 An 24 Eanáir 2023, d'fhoilsigh an Chomhairle in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* fógra do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí a bhfuil feidhm maidir leo ag na bearta dá bhforáiltear le Cinneadh 2011/235, arna gcur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2023/153, agus le Rialachán Uimh. 359/2011, arna chur chun feidhme leis an Rialachán atá faoi chonspóid (IO 2023 C 25, lch. 8).

16 Sonraíodh san fhógra sin, *inter alia*, go raibh cinnte ag an gComhairle nár mhór do na daoine agus na heintitis i gceist a chur le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear le gCinneadh 2011/235 agus le Rialachán Uimh. 359/2011 agus gurbh fhéidir leis na daoine agus eintitis sin iarratas a thíolacadh dó go ndéanfaí athmheasúnú ar an gcinneadh

trínar cuireadh iad leis na liostaí thuasluaite, agus doiciméid tacaíochta á gceangal leis. Bhí gach iarratas chuige sin le seoladh roimh an 15 Feabhra 2023 chuig na teagmhálaithe arna sonrú san fhógra sin.

An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe

17 Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta an Rialachán atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid a áirítear a ainm in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 359/2011.

18 Iarrann an Chomhairle ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhiúltú;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

An dlí

19 Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí. Éilítear, leis an gcéad cheann, go bunúsach, mí-úsáid cumhachtaí, leis an dara ceann sárú ar an oibleagáid cúiseanna lua agus ar an gceart chun cosaint dlí éifeachtach a fháil, leis an tríú ceann, go bunúsach, míchruinneas ábhartha na bhfíoras agus leis an gceathrú ceann sárú ar phrionsabal na comhréireachta.

20 Tugtar chun suntais tríd an anailís ar na saincheisteanna dlí sin nach mór scrúdú a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar an dara saincheist dlí a bhaineann le sárú ar an oibleagáid chun cosaint dlí éifeachtach a fháil, ar an dara dul síos, ar an tríú saincheist dlí, maidir le hearráid fhollasach mheasúnaithe ar na fíorais, ar an tríú dul síos, ar an gceathrú saincheist dlí, maidir le sárú ar phrionsabal na comhréireachta agus ansin, ar an gceathrú dul síos, ar an gcéad saincheist dlí, maidir le mí-úsáid cumhachtaí.

An dara saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua agus sárú ar an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil

21 Ar an gcéad dul síos, áitíonn an t-iarratasóir nár chomhlíon an Chomhairle a hoibleagáid fiúntas na bhforas sin a bhunú agus, dá bhrí sin, sháraigh sí a hoibleagáid cúiseanna a lua ós rud é nár chuir sí in iúl an fhaisnéis agus an fhianaise is bun leis na forais um a ainm a chur leis an liosta atá in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 359/2011 i gcomhthráth le glacadh an Rialachán atá faoi chonspóid nó díreach i ndiaidh an ghlactha sin.

22 Ar an dara dul síos, áitíonn an t-iarratasóir gur luadh go steiréitíopach na cúiseanna leis an Rialachán faoi chonspóid, a mhéid a bhaineann sé leis, trí thrí alt ar 15 líne gonta lena n-achoimrítear an méid toimhdí na Comhairle de réir a chineáil phoiblí. Ní chomhlíontar le cúiseanna a luaitear mar sin an cásdlí ar dá réir nach mór do chúiseanna an ghnímh a fhágáil gur féidir leis an duine lena mbaineann an gníomh atá faoi chonspóid agóid a dhéanamh i gcoinne bhailíocht an ghnímh sin os comhair cúirte agus gach eolas aige faoin méid a chuirtear ina leith agus gur féidir leis an gcúirt athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar an ngníomh atá faoi chonspóid. Dar leis an iarratasóir, ní fhéadfaí baint den cheanglas cúiseanna a lua leis an gcomhthéacs polaitiúil ina nglactar beart, go háirithe toisc nach gcuirtear ar a chumas leis an

gcomhthéacs sin raon feidhme na mbeart sriantach arna nglacadh ina leith agus, dá bhrí sin, gur do-dhéanta athbhreithniú ar an mbeart i gceist ag an gcúirt. Mar sin, ní fhéadfadh an Chomhairle a hoibleagáid cúiseanna a lua a shárú trí 'dhul i muinín' breithnithe a bhaineann le leasanna slándála agus beartais sheachtraigh.

23 Ar an tríú dul síos, sa fhreagra, cuireann an t-iarratasóir faoi chonspóid, ar bhonn Airteagail 47 agus 48 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') inghlacthacht an doiciméid arna thabhairt ar aird ag an gComhairle os comhair na Cúirte mar fhianaise mar thaca leis na forais arna n-agairt chun údar a thabhairt lena ainm a chur le hIarscríbhinn I de Rialachán Uimh. 359/2011. Cuireann sé faoi chonspóid ábharthacht agus ualach cruthúnais na faisnéise atá sa doiciméad sin chomh maith.

24 Cuireann EUIPO argóintí an iarratasóra faoi chonspóid.

25 Ní mór a thabhairt chun cuimhne, de réir cásdlí comhsheasmhach, go bhfuil sé de chuspóir ag an oibleagáid cúiseanna a lua le gníomh is cúis gearáin, a leanann ón bprionsabal maidir le cearta na cosanta a urramú, faisnéis leordhóthanach a sholáthar an bhfuil bunús cuí leis an ngníomh, nó an bhfuil locht féideartha ag baint leis a fhágann gur féidir agóid a dhéanamh i gcoinne a bhailíochta os comhair chúirt an Aontais lena gcuirtear é ó bhail, agus gur féidir athbhreithniú dlí ar bhailíocht an ghnímh sin dhéanamh (féach breithiúnas an 15 Samhain 2012, *an Chomhairle* v *Bamba*, C-417/11 P, EU:C:2012:718, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear).

26 Ní mór a thabhairt chun cuimhne chomh maith nach mór na cúiseanna arna lua mar a cheanglaítear le hAirteagal 296 CFAE agus Airteagal 41(2)(c) den Chairt a chur oiriúint do chineál an ghnímh i gceist agus don chomhthéacs inar glacadh é. Ní mór measúnú a dhéanamh ar an gceanglas cúiseanna a lua de réir imthosca an cháis, go háirithe ábhar an ghnímh, chineál na bhforas arna n-agairt agus an leas i mínithe a fháil a d'fhéadfadh a bheith acu siúd ar díríodh é chucu agus ag na daoine sin is dá gcúram go díreach agus go leithleach. Ní cheanglaítear go saineofaí na fíricí nó pointí dlí is ábhartha agus na cúiseanna á lua, a mhéid nach mór measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht lua na gcúiseanna i bhfianaise ní hamháin a bhfoclaíochta agus ach an chomhthéacs agus na rialacha dlí ar fad maidir leis an ábhar lena mbaineann chomh maith (féach breithiúnas an 17 Meán Fómhair 2020, *Rosneft agus páirtithe eile* v *an Chomhairle*, C-732/18 P, nár foilsíodh, EU:C:2020:727, mír 77 agus an cásdlí dá dtagraítear; breithiúnas an 27 Iúil 2022, *RT France* v *an Chomhairle*, T-125/22, EU:T:2022:483, mír 103).

27 Mar sin, ar an gcéad dul síos, luaitear cúiseanna leordhóthanacha le gníomh is cúis gearáin i gcás ina ndéantar é i gcomhthéacs atá ar eolas ag an bpáirtí leasmhar, ar dá réir a d'fhéadfadh sé tuiscint a fháil ar raon feidhme an bhirt arna ghlacadh ina leith (féach breithiúnas an 17 Meán Fómhair 2020, *Rosneft agus páirtithe eile* v *an Chomhairle*, C-732/18 P, nár foilsíodh, EU:C:2020:727, mír 78 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ar an dara dul síos, ní mór an leibhéal beachtais leis na cúiseanna arna lua le gníomh a bheith i gcomhréir lenar féidir i ndáiríre agus leis na coinníollacha teicniúla nó leis an tréimhse ina bhfuil sé le déanamh (féach breithiúnas an 27 Iúil 2022, *RT France* v *an Chomhairle*, T-125/22, EU:C:2022:483, mír 104 agus an cásdlí dá dtagraítear).

28 Thairis sin, soiléiríodh leis an gcásdlí, nárbh é atá le haithint agus cúiseanna á lua le gníomh na Comhairle trína bhforchuirtear beart sriantach ná an bunús dlí leis an mbeart sin amháin ach na cúiseanna sonracha nithiúla a bhí ag an gComhairle le meas chomh maith, agus a cumhacht

lánroghnach mheasúnaithe á feidhmiú aici, nár mhór don pháirtí leasmhar a bheith faoi réir a leithéide de bheart (féach breithiúnas an 27 Iúil 2022, *RT France* v *an Chomhairle*, T-125/22, EU:C:2022:483, mír 105 agus an cásdlí dá dtagraítear).

29 Ar deireadh, ní mór a thabhairt chun cuimhne gur ceanglas fíor-riachtanach nós imeachta atá le scaradh ó cheist fhiúntas na bhforas, ar ceist í sin a bhaineann le bailíocht shubstainteach an ghnímh atá faoi chonspóid. Go deimhin, is ionann cúiseanna a lua le gníomh agus na forais is bun leis an ngníomh sin a le go foirmiúil. I gcás ina gcuirtear na forais sin ó mhaith le hearráidí, is é a chuirtear ó mhaith ná dleathacht shubstainteach an ghnímh agus ní na cúiseanna arna lua leis, a d'fhéadfadh a bheith leordhóthanach cé go luaitear forais mhíchearta (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Meán Fómhair 2013, *Makhlouf* v *an Chomhairle*, C-248/11 P, EU:C:2013:431, míreanna 73 agus 74 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 Sa chás seo, ó thaobh an chomhthéacs inar cuireadh ainm an iarratasóra le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 359/2011, ní mór a thabhairt chun cuimhne, mar a chuireann an Chomhairle béim air, agus an ceart aici, go dtagraítear le haithris 2 den Rialachán atá faoi chonspóid don dearbhú arna dhéanamh an 25 Meán Fómhair 2022 thar ceann an Aontais ag Ardionadaí an Aontais, a thugtar na focail de chun cuimhne i mír 10 thuas.

31 Ina theannta sin, mar a thugtar le fios i mír 11 thuas, soiléirítear le haithris 3 den Rialachán faoi chonspóid gurbh iad, *inter alia*, an comhthéacs a thugtar chun cuimhne i mír 10 thuas agus tiomantas an Aontais tabhairt faoi gach ábhar imní a bhaineann leis an Iaráin, lena n-áirítear cás chearta an duine, a bhí i gceist nuair a cuireadh 19 n-eintiteas, an t-iarratasóir san áireamh, le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha atá in Iarscríbhinn I de Rialachán Uimh. 359/2011.

32 Go háirithe, leagadh amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán faoi chonspóid na cúiseanna le hainm an iarratasóra a chur le hIarscríbhinn I de Rialachán Uimh. 359/2011 sna téarmaí arna dtabhairt chun cuimhne i mír 12 thuas.

33 Ní mór a thabhairt faoi deara go leagtar amach sna cúiseanna sin, arna léamh i bhfianaise na ngnéithe comhthéacsúla dá dtagraítear in aithrisí 2 agus 3 den Rialachán faoi chonspóid, go sonrach nithiúil go leor na cúiseanna a bhí ag an gComhairle le meas, agus a cumhacht lánroghnach mheasúnaithe á feidhmiú aici, nár mhór an páirtí leasmhar a chur faoi réir beart sriantach

34 Go deimhin, is léir ó na cúiseanna arna lua leis an Rialachán faoi chonspóid gur measadh go raibh an t-iarratasóir freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin mar gheall ar chur i bhfeidhm cheanglais rialtas na hIaráine maidir le hábhar ar an idirlíon a scagadh trí bhogearra spiaireachta darb ainm SIAM agus go háirithe, gur bhain sé leas as an rialú a dhéanann sé ar rochtain ar an idirlíon agus ar fhóin phóca chun lorg na n-agóideoirí a leanúint agus léargas mionsonraithe ghníomhaíochtaí na n-easaontach agus na n-agóideoirí a chruthú, a d'úsáid na húdaráis de réir a mianta féin, ar dá réir a thacaigh sé le cur faoi chois, ag na húdaráis sin, na n-agóideoirí a labhair amach lena gcearta dlisteanacha a chosaint.

35 Ina theannta sin, is gá argóint an iarratasóra a dhíbhe ar dá réir gur mhainnigh an Chomhairle ina hoibleagáid cúiseanna a lua a chomhlíonadh ós rud é nár tharchuir sí chuige i gcomhthráth le glacadh an Rialachán faoi chonspóid nó díreach i ndiaidh an ghlactha sin an fhaisnéis agus an fhianaise is bun leis na forais um a ainm a chur leis an liosta atá in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 359/2011 agus, dá bhrí sin, nár léirigh sé fiúntas na bhforas sin.

36 Go deimhin, ar an gcéad dul síos, sa mhéid, tríd an argóint sin, gur mian leis an iarratasóir a áitiú nár chuir an Chomhairle ar fáil fianaise ar fhiúntas na bhforas arna n-agairt sa Rialachán atá faoi chonspóid le húdar a thabhairt lena chur le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 359/2011, ní mór a thabhairt faoi deara, i gcomhréir leis an gcásdlí a thugtar chun cuimhne i mír 29 thuas nach mór an cheist sin a scaradh ón gceist maidir le cúiseanna a lua leis an Rialachán faoi chonspóid, a bhaineann le dleathacht fhoirmiúil an Rialacháin sin.

37 Ar an dara dul síos, sa mhéid, tríd an argóint sin, gur mian leis an iarratasóir a áitiú gur sháraigh an Chomhairle a chearta chun cosanta de bhrí go raibh sé de cheangal air rochtain ar an méid sa cháschomhad a sholáthar *ex officio*, is tábhachtach a thabhairt faoi deara gur cuireadh an Rialachán faoi chonspóid in iúl don iarratasóir trí fhógra arna fhoilsiú san Iris Oifigiúil an 24 Eanáir 2023 lenar tugadh deis do na daoine agus ar na heintitis lena mbaineann iarratas a thíolacadh don Chomhairle roimh an 15 Feabhra 2023 agus nach ndearna an t-iarratasóir a leithéid d'iarratas, ná nár iarr sé rochtain ar an gcomhad lasmuigh de na himeachtaí seo ar an gComhairle fiú.

38 Ní mór a thabhairt chun cuimhne, ó thaobh daoine agus eintitis atá faoi réir na mbeart sriantach a chur le liosta ar dtús, i gcás inar cuireadh faisnéis atá soiléir a dóthain in iúl lena gcuirtear ar chumas an eintitisa dhearcadh ar a bhfuil á chur ina leith ag an gComhairle a thabhairt le fios i gceart, níl oibleagáid ar an gComhairle rochtain a thabhairt go huathoibríoch ar na doiciméid atá ina cáschomhad mar gheall ar an bprionsabal maidir le cearta na cosanta a urramú. Ní ach ar iarraidh an pháirtí leasmhair a cheanglaítear ar an gComhairle rochtain a thabhairt ar na doiciméid riaracháin neamhrúnda go léir a bhaineann leis an mbeart atá i gceist. B'ionann a bhfuil sa cháschomhad a chur in iúl go huathoibríoch agus ceanglas iomarcach, ós rud nach deimhin ar bheart reo cistí a ghlacadh gur mian leis an eintiteas dá dtagraítear na fíorais is bun leis na gearáin arna gcur ina leith ag an gComhairle a fhíorú, trí bhíthin rochtain ar an gcáschomhad (breithiúnais an 14 Deireadh Fómhair 2009, *Bank Melli Iran* v *an Chomhairle*, T-390/08, EU:T:2009:401, mír 97, agus an 16 Meán Fómhair 2013, *Bank Kargoshaei agus páirtithe eile* v *an Chomhairle*, T-8/11, nár foilsíodh, EU:T:2013:470, mír 68).

39 Sa chás seo, leanann sé ón méid sin roimhe seo go raibh ag an iarratasóir, de réir na gcúiseanna arna lua leis an Rialachán faoi chonspóid, faisnéis a bhí soiléir a dóthain lenar cuireadh ar a chumas a dhearcadh ar a bhfuil á chur ina leith ag an gComhairle a thabhairt le fios. Dá bhrí sin, níor ceanglaíodh ar an gComhairle an fhaisnéis a bhí ina comhad a chur in iúl don iarratasóir *ex officio*.

40 Is tábhachtach a chur i dtreis chomh maith go mbaineann argóintí an iarratasóra maidir le hinghlacthacht an doiciméid a thugtar ar aird in Iarscríbhinn B.11 agus cineál cruthúnais na faisnéise atá ann le fiúntas na gcúiseanna a bhfuiltear ag brath orthu chun údar a thabhairt lena ainm a chur le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 359/2011 agus, dá bhrí sin, nach bhfuil siad ábhartha chun tacú leis an tsaincheist dhlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua. Dá bhrí sin, scrúdófar na hargóintí sin in éineacht leis na hargóintí comhchosúla arna gcur chun cinn ag an iarratasóir i gcomhthéacs an tríú saincheist dlí, lena n-éilítear earráid fhollasach mheasúnaithe.

41 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don dara saincheist dlí toisc í a bheith gan bhunús.

An tríú saincheist dlí lena n-éilítear míchruinneas ábhartha na bhfíoras

42 Áitíonn an t-iarratasóir go bhfuil an Rialachán atá faoi chonspóid, sa mhéid a bhaineann sé leis, curtha ó bhail ag 'earráid fhollasach mheasúnaithe ar na fíorais' ós rud é, ar an gcéad dul síos, nach bhfuil an inniúlacht dhlíthiúil aige le haghaidh na bhfíoras arna gcur ina leith ag an gComhairle agus, ar an dara dul síos, nach bhfuil sé de chumas teicniúil aige lorg ghníomhaíochtaí agóideoirí a leanúint nó 'léargas mionsonraithe' orthu a chruthú.

43 Mar sin, áitíonn an t-iarratasóir nach n-údaraítear dó lena reachtanna ollfhaireachas a dhéanamh ar an bpobal agus níos lú fós 'lorg' agóideoirí 'a leanúint'. De réir a reachtanna, is é an ról atá ag an iarratasóir ná rialaitheoir, modhnóir nó fiú ionadaí ar an Iaráin. Ina theannta sin, cuireann an t-iarratasóir in iúl, fiú dá mba mhian leis scagadh a chur ar bun, nach bhféadfadh sé toisc go rialaítear a leithéid de chleachtas de réir dlí. Mar sin, murab ionann agus a bhfuil á áitiú ag an gComhairle, san Iaráin, rialaítear bailiú sonraí trí roinnt téacsanna dlí, go háirithe Airteagal 25 den Bhunreacht, Airteagal 582 de Chód Coiriúil na hIaráine, arna fhorlíonadh le 'Dlí um Chibearchionta' an 26 Bealtaine 2009, agus le hAirteagail 104 agus 150 de Chód na hIaráine um Nós Imeachta Coiriúil. Tá an rialú reachtach sin i gcomhréir le rún na Comhairle an 17 Eanáir 1995 maidir le hidircheapadh dleathach teileachumarsáide (IO 1996 C 329, lch. 1). Ina theannta sin, is léir ó dhá thuarascáil arna n-ullmhú ag cuideachta teileachumarsáide, murab ionann agus a bhfuil á mhaíomh ag an gComhairle, nach sáraítear le hiarrataí an iarratasóra na gnáthcheanglais maidir le hidircheapadh dleathach.

44 Ina theannta sin, áitíonn an t-iarratasóir nach mór idirdhealú a dhéanamh idir ollfhaireachas agus faireachas ar dhaoine aonair. De réir an iarratasóra, d'fhéadfadh gá a bheith le hollfhaireachas in aon sochaí ar mhaithe leis an tsíocháin agus an ord poiblí a choinneáil, go háirithe trí fhaireachas a dhéanamh ar ghluaiseacht daoine agus sluaite a thagann le chéile. Leis sin, le linn agóidí poiblí, d'fhéadfaí cosc a chur le haon dhul ó smacht a bhaineann le sluaite. Tá an chumhacht faireacháin sin ag gach Stát ceannasach agus ní féidir sáruithe ar chearta ar leith an duine a bhaint de chonclúid as feidhmiú na cumhachta sin. B'ionann an chumhacht faireacháin sin agus saincheart na n-údarás poiblí arna aithint go háirithe ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine.

45 Ar an dara dul síos, de réir an iarratasóra, níl feidhmeanna ag na bogearraí a úsáideann sé, ar a dtugtar 'SIAM' nó 'Samaneh yekparche Estehlamate Mokhaberati' i bhFairsis, lena bhféadfaí faireachas ollmhór nó ar dhaoine aonair a dhéanamh ar agóideoirí i gcríoch na hIaráine.

46 Áitíonn an t-iarratasóir gur comhéadan feidhmchláir (API) atá i mbogearraí SIAM, eadhon gaireas a bhfuil nasc-ról aige agus lena bhfágtar gur féidir le cliaint ó thaobh amuigh an eintitis APIanna inmheánacha agus a seirbhísí a úsáid. San Iaráin, baineann an Crios Dhearg, lucht na n-otharcharranna agus eagraíochtaí bóthair agus bainistithe géarchéimeanna úsáid as na bogearraí sin. Dá bhrí sin, de réir an iarratasóra, baineann lárionaid glaonna úsáid as bogearraí SIAM, go háirithe i gcás ina n-iarrann lucht na seirbhísí éigeandála é. Baineann lucht lárionaid glaonna úsáid as na bogearraí sin chun teagmháil a dhéanamh le hoibreoirí teileafón soghluaiste nach soláthraíonn ansin ach neassuíomh an duine atá i mbaol.

47 Ina theannta sin, deir an t-iarratasóir nach féidir leis faisnéis a bhaineann le húsáideoirí seirbhísí cumarsáide a chur in iúl go díreach do na póilíní agus do na húdaráis bhreithiúnacha toisc go bhfuil an fhaisnéis sin i seilbh oibreoirí a bhfuil ceadúnas acu chun an líonra a oibriú.

48 Ar deireadh, cuireann an t-iarratasóir faoi chonspóid na hargóintí arna gcur cun cinn ag an gComhairle ina cosaint maidir le 'comhpháirteanna feidhmiúla' líomhainte an chórais um idircheapadh san Iaráin.

49 Mar sin, áitíonn an t-iarratasóir go bhfuil míbhrí á baint ag an gComhairle as feidhmiúlachtaí bhogearraí SIAM, arb iad 'Force2GNumber', 'LocationCustomerList', 'GetCDR', 'GetIPDR' agus 'ApplySusplp', dá dtagraíonn sé sa chosaint. Míníonn an t-iarratasóir nach bhfuil an cur síos arna dhéanamh ag an gComhairle ar na feidhmeanna, nach bun leis ach alt san iris iniúchta ar líne *The Intercept* ag teacht leis an bhfírinne. De réir an iarratasóra, is gnáthorduithe caighdeánacha iad sin atá ar fáil do chomhlacht rialála teileachumarsáide de chuid Stáit agus go bhfuil uirlisí comhchosúla ag gach Ballstát den Aontas. Is amhlaidh an cás chomh maith do chórais ' Legal Intercept' (LI), 'Control Illegal Devices ' (CID), 'SHAHKAR' agus 'Shamsa'.

50 Ina theannta sin, sa fhreagra, cuireann an t-iarratasóir faoi chonspóid inghlacthacht an ailt dar teideal 'Hacked documents: How Iran track and control protesters phones', arna fhoilsiú an 28 Deireadh Fómhair 2022 ag *The Intercept*, arna thabhairt ar aird ag an gComhairle in Iarscríbhinn B.11 ('alt *The Intercept*'). De réir an iarratasóra, is bun lena bhfuil san alt sin sraith doiciméad inmhéanach de chuid oibreora shoghluaiste de chuid na hIaráine nár tugadh ar aird sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus ní dhéanann an Chomhairle ach a mhaíomh go raibh rochtain ag údair an ailt sin ar na doiciméid arna gcur in iúl dóibh 'ag duine [a mhaíonn] gur haiceáil sé isteach in oibreoir soghluaiste de chuid na hIaráine'. Dá bhrí sin, níl san alt sin, arb í an ní is tábhachtaí i gcáschomhad na Comhairle, ach fianaise chlostráchta. I gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais a bhaineann le hAirteagail 47 agus 48 den Chairt agus le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a bhaineann le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950, tá cosc i bprionsabal ar theistíochtaí finnéithe atá nach bhfuil i láthair ag an éisteacht atá neamh-inscrúdaithe ag an bpáirtí freasúrach, seachas i gcás ina dtugann na cúisitheoirí údar leordhóthanach leis an ngá lena bhfianaise a úsáid agus ina dtugtar ráthaíochtaí eile nós imeachta don chúisí, agus ina bhfuil fianaise inchoiritheach eile ina choinne. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais chomh maith i mbreithiúnas an 8 Nollaig 2022, *HYA agus páirtithe eile (Finnéithe na gcúisitheoirí nach féidir a cheistiú)* (C-348/21, EU:C:2022:965), i gcás nach féidir finnéithe na gcúisitheoirí a cheistiú, nach mór ualach cruthúnais a gcuid fianaise a chur i gcomhthéacs, fiú más inghlactha a leithéid d'fhianaise.

51 Tugtar le tuiscint uaidh sin, agus an Rialachán atá faoi chonspóid á bhunú ar na dearbhuithe líomhainte arna ndéanamh ag duine anaithnid, gur ghníomhaigh an Chomhairle de shárú ar Airteagail 47 agus 48 den Chairt, lena gceanglaítear nach mór diúltú don tairiscint fianaise sin toisc í a bheith do-ghlactha.

52 Maíonn an t-iarratasóir sa fhreagra freisin, de réir phrionsabal na sáraíochta, nach bhféadfaidh an chúirt a chur san áireamh ach na doiciméid nós imeachta agus na doiciméid sin a raibh deis ag na páirtithe teacht orthu agus a raibh deis acu a dtuairimí a thabhairt ina leith. D'aithin an Chomhairle féin nár thug an t-oibreoir soghluaiste de chuid na hIaráine arna lua in alt *The Intercept* freagra ar an iarratas na n-iriseoirí a thuairim a thabhairt.

53 Cuireann EUIPO argóintí an iarratasóra faoi chonspóid.

54 Is fíor, mar chuid den tríú saincheist dlí, go gcuireann an t-iarratasóir faoi chonspóid fiúntas na bhforas arna n-agairt chun údar a thabhairt lena chur le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 359/2011. Go deimhin, áitíonn sé nach raibh sé de chumas dlí ná de chumas teicniúil aige tabhairt faoi na gníomhaíochtaí arna gcur ina leith.

55 Ní mór a thabhairt faoi deara chomh maith, áfach, mar is léir ó mhír 23 thuas, mar chuid den dara saincheist dlí, go ndéanann an t-iarratasóir gearán gur sháraigh an Chomhairle Airteagail 47 agus 48 den Chairt, agus go ndearna sí an dualgas cruthúnais a fhreaschur, trína mheasúnú a bhunú ar alt *The Intercept* ós rud é, in éagmais na ndoiciméad a luaitear san fhoilseachán sin a chur i gcomhad na n-imeachtaí seo, nach bhfuil sna fíorais agus sna ráitis arna leagan amach san alt sin ach líomhaintí nach bhfuil an deis ag an iarratasóir a chearta cosanta a fheidhmiú ina leith. Áitíonn an t-iarratasóir sa fhreagra chomh maith go mbaintear leis an easpa fianaise sa chomhad sna himeachtaí seo an bonn ó chomhlíonadh phrionsabal na sáraíochta a leagtar síos in Airteagal 85(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta. Ina theannta sin, cuireann an t-iarratasóir in iúl nach bhfuil aon ualach cruthúnais ag an bhfoilseachán sin.

56 Is gá scrúdú a dhéanamh ar argóintí an iarratasóra lena n-éilítear sárú ar Airteagail 47 agus 48 den Chairt agus sárú ar phrionsabal na sáraíochta sula scrúdófar iad siúd a bhaineann le hualach cruthúnais alt *The Intercept*, agus ansin na hargóintí a bhaineann le 'hearráid fhollasach mheasúnaithe ar na fíorais'.

Sárú ar Airteagail 47 agus 48 den Chairt agus ar phrionsabal na sáraíochta

57 Ar an gcéad dul síos, is gá argóint an iarratasóra a dhíbhe ar dá réir nach mór diúltú d'alt *The Intercept* arna thabairt ar aird ag an gComhairle in Iarscríbhinn B.11 den chosaint toisc é a bheith do-ghlactha ar an bhforas, go bunúsach, nach féidir leis é féin a chosaint i gcoinne líomhaintí amháin, lena sáraítear a chearta cosanta os comhair na Cúirte.

58 Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mór idirdhealú a dhéanamh idir an cheist maidir le hinghlacthacht tairiscintí fianaise os comhair na Cúirte Ginearálta, a rialaítear le hAirteagal 85 de na Rialacha Nós Imeachta, agus an cheist maidir le measúnú fianaise ag cúirteanna an Aontais.

59 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne, de réir chásdlí na Cúirte, agus athbhreithniú á dhéanamh ar bhearta sriantacha, nach mór do chúirteanna an Aontais a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú, i bprionsabal, ar dhlíthiúlacht ghníomhartha uile an Aontais i bhfianaise na gceart bunúsach atá ina gcuid dhílis de dhlíchóras an Aontais (féach, go háirithe, breithiúnais an 18 Iúil 2013, *an Coimisiún agus páirtithe eile* v *Kadi* (C-584/10 P, C-593/10 P agus C-595/10 P, EU:C:2013:518, mír 97; an 28 Samhain 2013, *an Chomhairle* v *Fulmen agus Mahmoudian*, C-280/12 P, EU:C:2013:775, mír 58, agus an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 106).

60 Áirítear ar na cearta bunúsacha sin, *inter alia*, urraim do chearta na cosanta agus an ceart chun cosaint dlí éifeachtach a fháil (féach breithiúnas 28 Samhain 2013, *an Chomhairle* v *Fulmen agus Mahmoudian*, C-280/12 P, EU:C:2013:775, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear; breithiúnas an 28 Samhain 2013, *an Chomhairle* v *Manufacturing Support & Procurement Kala Naft*, C-348/12 P, EU:C:2013:776, mír 66).

61 Ceanglaítear le héifeachtúlacht an athbhreithnithe dlí arna ráthú le hAirteagal 47 den Chairt, de réir an athbhreithnithe ar dhleathacht na bhforas is bun leis an gcinneadh ainm duine nó eintitis a chur le, nó a choinneáil ar liosta na ndaoine agus na n-eintitis atá faoi réir bearta sriantacha, nach

mór do chúirt an Aontais a áirithiú go bhfuil bunús láidir fíorasach leis an gcinneadh sin, a bhfuil raon feidhme ar leith aige le haghaidh an duine sin nó an eintitis sin. Is éard atá i gceist leis sin ná na fíorais arna líomhain is bun leis an gcinneadh sin agus na cúiseanna arna lua a fhíorú, ar dá réir nach mbaineann an t-athbhreithniú breithiúnach leis an measúnú ar inchreidteacht theibí na bhforas arna n-agairt, ach go mbaineann sé le cé acu bunús a bheith nó gan bheith leis an na forais sin, nó le haon cheann acu a mheastar gur leordhóthanach é ann féin chun tacú leis na gníomhartha sin (féach, go háirithe, breithiúnais an 18 Iúil 2013, *an Coimisiún agus páirtithe eile* v *Kadi*, C-584/10 P agus C-595/10 P, EU:C:2013:518, mír 119; an 18 Meitheamh 2015, *Ipatau* v *an Chomhairle*, C-535/14 P, EU:C:2015:407, mír 42, agus an 18 Feabhra 2016, *an Chomhairle* v *Bank Mellat*, C-176/13 P, EU:C:2016:96, mír 109).

62 Sa chomhthéacs sin, is deimhin gur faoi údarás inniúil an Aontais atá sé, i gcás conspóide, fiúntas na bhforas arna gcur i leith an duine nó an eintitis lena mbaineann a léiriú, agus nach faoin duine nó faoin eintiteas sin atá sé fianaise dhiúltach a sholáthar a léiríonn nach bhfuil fiúntas ag na forais sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Iúil 2013, *an Coimisiún agus páirtithe eile* v *Kadi*, C-584/10 P, C-593/10 P agus C-595/10 P, EU:C:2013:518, mír 121).

63 Murab ionann agus a bhfuil á áitiú ag an iarratasóir, áfach, ní thugtar le tuiscint uaidh sin go ndéantar difear do chearta chosanta an iarratasóra le héagumas líomhainte na Comhairle fianaise a sholáthar ar na forais arna n-agairt chun údar a thabhairt leis an iarratasóir a chur le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 359/2011, fiú má tá an méid sin cruthaithe.

64 Go deimhin, mar is léir ón gcásdlí a thugtar chun cuimhne i mír 61 thuas, is amhlaidh seachas sin gurb é go díreach toisc go gceanglaítear le héifeachtúlacht Airteagal 47 den Chairt a chaomhnú nach mór do chúirt an Aontais, mar chuid den athbhreithniú ar dhlíthiúlacht na mbeart sriantach, fiúntas na bhforas is bun leis na bearta sin agus, dá bhrí sin, ualach cruthúnais na ndoiciméad arna dtabhairt ar aird, sa chás seo, ag an gComhairle, a fhíorú.

65 Ansin, ní mór na breithnithe a dhíbhe toisc iad gan bheith ábhartha, a d'agair an t-iarratasóir, arna leagan amach i mbreithiúnas an 8 Nollaig 2022, *HYA agus páirtithe eile (Finnéithe na gcúisitheoirí nach féidir a cheistiú)* (C-348/21, EU:C:2022:965), inar fiafraíodh den Chúirt faoin léiriú ar Airteagal 6(1) agus Airteagal 8(1) de Threoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla (IO 2016 L 65, lch. 1) agus faoin dara mír d'Airteagal 47 den Chairt.

66 Ní mór a thabhairt chun cuimhne gurb ionann prionsabal thoimhde na neamhchiontachta, arna leagan amach in Airteagal 6(2) den Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus in Airteagal 48(1) den Chairt, agus ceart bunúsach lena dtugtar cearta do dhaoine aonair nó d'eintitis faoi stiúir daoine aonair a n-áirithíonn cúirt an Aontais a n-urramú (féach breithiúnas an 18 Bealtaine 2017, *Makhlouf* v *an Chomhairle*, T-410/16, nár foilsíodh, EU:C:2017:349, mír 122 agus an cásdlí dá dtagraítear).

67 Ní chuirtear cosc trí phrionsabal thoimhde na neamhchiontachta, ar dá réir nach mór glacadh le neamhchiontacht aon duine a chuirtear cion ina leith go dtí go gcruthófaí a chiontacht de réir dlí, ar bhearta réamhchúraim reo cistí a ghlacadh, ós rud é nach bhféachtar leis na bearta sin imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne an duine nó an duine nó an eintitis lena mbaineann. I bhfianaise na tromchúise atá ag baint lena leithéid de bhearta, áfach, ní mór foráil dlí a dhéanamh dóibh, ní mór d'údarás inniúil iad a ghlacadh agus teorainn ama a bheith leo. Fágann mír 13 thuas go bhfuil an dá chéad chritéar sin comhlíonta. Thairis sin, ó thaobh na teorann ama, ní mór a

chinneadh, de réir Airteagal 12(3) agus (4) de Rialachán Uimh. 359/2011, go ndéantar scrúdú ar Iarscríbhinn I den Rialachán sin go tráthrialta agus ar a laghad gach 12 mhí agus go bhféadfaí fad nó leasú a chur le hainm duine nó eintitis a bheith ar liosta i gcás inarb iomchuí. Is deimhin go bhfuil teorainn ama leis na bearta arna bhforchur ag an iarratasóir mar sin (féach breithiúnas an 18 Bealtaine 2017, *Makhlouf* v *an Chomhairle*, T-410/16, nár foilsíodh, EU:C:2017:349, mír 123 agus an cásdlí dá dtagraítear).

68 Ina theannta sin, is fíor nach gcoigistítear sócmhainní an iarratasóra mar fháltas ciona le bearta sriantacha, ach reoitear iad mar réamhchúram. Dá bhrí sin, ní smachtbhanna iad na bearta sin agus níl aon chúiseamh dá leithéid ag gabháil leo (féach breithiúnas an 18 Bealtaine 2017, *Makhlouf* v *an Chomhairle*, T-410/16, nár foilsíodh, EU:C:2017:349, mír 124 agus an cásdlí dá dtagraítear).

69 Go deimhin, ní hionann an Rialachán atá faoi chonspóid, a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir, agus cinneadh go ndearnadh sárú i ndáiríre, ach glacadh é i gcomhthéacs agus chun críocha nós imeachta riaracháin a bhfuil feidhm réamhchúraim aige agus arb é an t-aon chuspóir amháin atá leis ná a fhágáil gur féidir leis an gComhairle cosaint na bpobal sibhialtach a ráthú (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Bealtaine 2017, *Makhlouf* v *an Chomhairle*, T-410/16, nár foilsíodh, EU:C:2017:349, mír 125 agus an cásdlí dá dtagraítear).

70 Ar deireadh, is gá diúltú d'argóint an iarratasóra chomh maith, ar dá réir, i gcás nach gcuirtear na doiciméid dá dtagraítear in alt *The Intercept* le cáschomhad an cháis seo, nach mór diúltú don alt sin toisc é a bheith do-ghlactha ar an bhforas, de réir phrionsabal na sáraíochta, nach bhféadfadh an chúirt a chur san áireamh ach na doiciméid nós imeachta agus na doiciméid a raibh deis ag na páirtithe teacht orthu agus a dtuairimí a thabhairt ina leith. Go deimhin, is leor a thabhairt faoi deara i ndáil leis sin go raibh an deis ag an iarratasóir seasamh a ghlacadh ina fhreagra maidir leis an bhfianaise arna tabhairt ar aird ag an gComhairle in Iarscríbhinn B.11, go háirithe an t-alt sin, a chuireann sé a ualach cruthúnais faoi chonspóid ina theannta sin.

71 Thairis sin, is tábhachtach a thabhairt faoi deara go raibh teacht díreach ar dhá lámhleabhar úsáide bhogearraí SIAM, arbh i mBéarla a dréachtaíodh an chéad cheann acu agus arbh i bhFairsis a dréachtaíodh an dara ceann acu, ó alt *The Intercept* trí hipearnasc atá i leathanach 3 de chomhad WK 307/2023 INIT arna thabhairt ar aird ag an gComhairle in Iarscríbhinn B.11 den chosaint.

72 Dá bhrí sin, ní mór diúltú do ghearáin an iarratasóra ina líomhnaítear gur sáraíodh Airteagail 47 agus 48 den Chairt agus prionsabal na sáraíochta.

Ualach cruthúnas alt The Intercept

73 Déanann an t-iarratasóir gearán gur foilseachán iriseoireachta amháin é alt *The Intercept* nach bhfuil ann ach líomhaintí dofhíoraithe agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon ualach cruthúnais aige.

74 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne go mbíonn gníomhaíocht na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta faoi rialú phrionsabal na meastóireachta gan srian ar fhianaise, agus is é a inchreidteacht an t-aon chritéar maidir le luach na fianaise a cuireadh ar fáil a mheas. Ina theannta sin, chun measúnú a dhéanamh ar ualach cruthúnais doiciméid, ní mór inchreidteacht na fianaise atá ann a fhíorú agus, *inter alia*, bunús an doiciméid, imthosca a ullmhaithe, seolaí an

doiciméid agus cé acu, de réir a ábhair, an bhfuil nó nach bhfuil cuma na céille agus na hiontaofachta air, a chur san áireamh (féach breithiúnas an 31 Bealtaine 2018, *Kaddour* v *an Chomhairle*, T-461/16, EU:C:2018:316, mír 107 agus an cásdlí dá dtagraítear).

75 In éagmais cumhachtaí imscrúdaitheacha i dtríú tíortha, ní mór measúnú údaráis an Aontais a bheith bunaithe, i ndáiríre, ar fhoinsí faisnéise atá ar fáil don phobal, tuarascálacha, ailt phreasa, tuarascálacha ó na seirbhísí rúnda nó ó fhoinsí faisnéise comhchosúla eile (breithiúnais an 14 Márta 2018, *Kim agus páirtithe eile* v *an Chomhairle agus an Coimisiún*, T-533/15 agus T-264/16, EU:T:2018:138, mír 107, agus an 1 Meitheamh 2022, *Prigozhin* v *an Chomhairle*, T-723/20, nár foilsíodh, EU:T:2022:317, mír 59).

76 Go deimhin, b'iomarcach díréireach a cheangal ar an gComhairle imscrúduithe a dhéanamh aisti féin ar an láthair ar fhírinne an mhéid arna chur in iúl dó ag lucht roinnt meáin chumarsáide (breithiúnas an 25 Eanáir 2017, *Almaz-Antey Air and Space Defence* v *an Chomhairle*, T-255/15, nár foilsíodh, EU:T:2017:25, mír 148).

77 Dá bhrí sin, féadfar ailt phreasa a úsáid chun treise a chur le fíorais áirithe a bheith ann i gcás ina dtagann siad ó roinnt foinsí éagsúla agus ina bhfuil siad sách sonrach, beacht agus comhsheasmhach a mhéid a bhaineann leis na fíorais a thuairiscítear iontu (féach breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2019, T*opor-Gilka agus WO Technopromexport* v *an Chomhairle*, T-721/17 agus T-722/17, nár foilsíodh, EU:T:2019:579, mír 137 agus an cásdlí dá dtagraítear).

78 Sa chás seo, ceithre dhoiciméad i gcomhad WK 307/2023 INIT in Iarscríbhinn B. 11 den chosaint is bun ag an gComhairle leis an iarratasóir a chur le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 359/2011.

79 Is iad, ar an gcéad dul síos, alt *The Intercept*; ar an dara dul síos, an t-alt dar teideal 'Hacker Leaks Manuals Showing How Iran Uses Mobile Networks to Track Protesters', arna fhoilsiú an 31 Deireadh Fómhair 2022 ag lucht an tsainsuímh idirlín Commrisk; ar an tríú dul síos, an t-alt dar teideal 'Iran: New tactics for digital repression as protests continue', arna fhoilsiú an 17 Samhain 2022 ar shuíomh idirlín an chomhlachais ARTICLE 19; agus, ar an gceathrú dul síos, an t-alt dar teideal 'Iran is using spyware to track citizens attending protests', arna fhoilsiú ag lucht na hirise iniúchta *The Tech Monitor* an 3 Samhain 2022.

80 Áitíonn an t-iarratasóir nach dtugann an Chomhairle mar bhunús leis an Rialachán atá faoi chonspóid a mhéid a bhaineann sé leis ach ar na líomhaintí atá in alt *The Intercept* amháin, ar líomhaintí iad atá bunaithe ar ráitis duine anaithnid.

81 Ní mór a thabhairt faoi deara go léirítear le halt *The Intercept*, ar bhonn doiciméid inmheánacha de chuid oibreoir soghluaiste na hIaráine, go háirithe comhfhreagras ríomhphoist ina raibh lucht ceannais an iarratasóra páirteach agus dhá lámhleabhar, arb i mBéarla ceann acu agus arb i bhFairsis an ceann eile, maidir le bogearraí ar a dtugtar SIAM a úsáid, go bhfuair údair an ailt sin amach faoi mar a chuir údaráis na hIaráine ar bun, tríd an iarratasóir, córas i gcúlra na líonraí soghluaiste de chuid na hIaráine lenar cuireadh ar chumas rialtas na hIaráine dul timpeall ar an gcóras um chriptiú glaonna, lorg úsáideoirí teileafóin a leanúint, gach teileafón atá in áit áirithe a aithint, anailís a dhéanamh ar gach teagmhálaí de chuid úsáideoir teileafóin agus ceangal idirlín an úsáideora a idirbhriseadh nó a mhoilliú, ar córas é úsáideadh chun pobal na hIaráine a chur faoi chois agus a rialú i ndiaidh bás an Uasail Amini in 2022. Mínítear san alt sin chomh maith go sonraítear i lámhleabhar úsáideora bhogearraí SIAM, arna dhréachtú i mBéarla, '[i]n i gcomhréir le rialacha agus rialacháin [an iarratasóra], nach mór do gach oibreoir teileachumarsáide rochtain

dhíreach a sholáthar [don iarratasóir] ar a chóras chun faisnéis custaiméirí a fhiosrú agus a seirbhísí a mhodhnú tríd an tseirbhís gréasáin' agus, ina theannta sin, go bhfuil faisnéis theicniúil ann maidir leis na horduithe is cumhachtaí a úsáideann bogearraí SIAM chun sonraí úsáideora a bhailiú go díreach ó oibreoirí soghluaiste na hIaráine.

82 Ní mór a thabhairt faoi deara chomh maith gur thug údair alt *The Intercept* orthu beirt arna cur i láthair mar shaineolaithe a chur faoi agallamh.

83 I ndáil leis sin, ní mór a chur i dtreis, murab ionann agus an méid atá á áitiú ag an iarratasóir, nach 'duine nach bhfuil aithne ag aon duine air nó nach cosúil nach bhfuil dlisteanacht ar leith ag baint leis' an chéad duine arna chur i láthair mar shaineolaí. Is léir ó na doiciméid atá os comhair na Cúirte gur taighdeoir é an chéad duine sin ag CitizenLab Canada, ar saotharlann idirdhisciplíneach é atá lonnaithe in Ollscoil Toronto (Ceanada) a dhéanann speisialtóireacht 'i dtaighde, i bhforbairt, i mbeartas straitéiseach ardleibhéil agus i mbaint a bheith ag lucht an dlí lena bhfuil i bpáirt ag teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, ag cearta an duine agus ag an tslándáil dhomhanda', agus gur cuireadh é i láthair cheana féin mar sin in alt a foilsíodh sa nuachtán cáiliúil *The Guardian* an 1 Feabhra 2022.

84 A dhála sin, is léir ón gcáschomhad go gcuirtear, agus gur cuireadh go minic, an dara duine arna chur i láthair mar shaineolaí in alt *The Intercept* ag an ngníomhaireacht idirnáisiúnta Reuters i láthair mar stiúrthóir ceart digiteach agus slándála in MIANN group, ar eagraíocht í atá bunaithe in Texas (na Stáit Aontaithe) a 'chosnaíonn cearta an duine san Iaráin'. Murab ionann agus a bhfuil á áitiú ag an iarratasóir, ní gá nach mbeadh a dhearbhuithe ábhartha ar an bhforas nach bhfuil sé neodrach neamhchlaonta toisc gurb 'eol don saol mór [gur] pearsa phoiblí a chuireann sé féin go poiblí gan agús i gcoinne rialtas na hIaráine' agus dá thoisc sin amháin.

85 I ndáil leis sin, is fíor gurb ábhartha taithí a leithéide de dhuine, a dhéanann speisialtóireacht i gcearta an duine a chosaint, go háirithe cearta digiteacha, agus a thugann an t-iarratasóir féin air go bhfuil sé i gcoinne réimeas na hIaráine, chun tuairim fhónta a thabhairt ar an úsáid a d'fhéadfadh údaráis na hIaráine a bhaint as a leithéid sin de chóras agus a chuirtear síos air in alt *The Intercept* chun difear a dhéanamh dá chearta.

86 Ina theannta sin, is tábhachtach a chur i dtreis nach é a rinneadh san alt arna fhoilsiú ar shuíomh *The Intercept* líomhaintí amháin ná athrá ar thuairim na saineolaithe, ach gur cuireadh bonn taca leis na líomhaintí agus na tuairimí trí chur ar fáil lámhleabhair úsáide bhogearraí SIAM arna dhréachtú i mBéarla, a raibh teacht díreach air i bhfuinneog féachana, agus dara lámhleabhair arna dhréachtú i bhFairsis ar a raibh lógó an iarratasóra.

87 Thairis sin, ó thaobh na n-alt eile atá i gcomhad WK 307/2023 INIT, ní mór a thabhairt faoi deara gur meáin chumarsáide a dhéanann speisialtóireacht i réimse na teileachumarsáide an suíomh idirlín Commrisk, a chuirtear síos air mar 'láithreán gréasáin a dhéanann tuairisciú ar na baoil roimh sholáthraithe cumarsáide leictreonaí agus a gcustaiméirí' agus *The Tech Monitor*, a chuirtear síos air amhail is go soláthraíonn sé 'faisnéis bunaithe ar shonraí agus anailísí le haghaidh bainisteoirí gnóthais, bainisteoirí digiteacha agus bainisteoirí polaitiúla i ndomhan suaite agus a spreagtar leis an teicneolaíocht' agus go gcuirtear síos ar an gcomhlachas ARTICLE 19, atá bunaithe i Londain (an Ríocht Aontaithe) mar 'eagraíocht is meitheal mhachnaimh idirnáisiúnta a thacaíonn leis an ngluaiseacht ar son na saoirse chun tuairimí a nochtadh go háitiúil agus go domhanda ar mhaithe lena áirithiú go mbainfeadh gach duine

cumhacht a ghutha amach', ar dá réir nach mór iad a mheas mar fhoinsí faisnéise atá ábhartha do theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a úsáid i bhfeidhmiú ceart bunúsach agus, go háirithe, an chirt chun saoirse chun tuairimí a nochtadh.

88 Bíodh is go dtagraítear leis na hailt le Commrisk, ARTICLE 19 agus *The Tech Monitor* go léir d'alt *The Intercept*, luaitear le halt Commrisk chomh maith taithí a údair a bhuail le hionadaí cuideachta teicneolaíochta a rinne iarracht bogearraí a dhíol san Iaráin a raibh feidhmeanna iontu ar 'cosúil go haisteach' iad le feidhmeanna bhogearraí SIAM agus a sholáthair faisnéis ar an díol sin de shaorthoil dó.

89 Ina theannta sin, is léir ó airteagal chomhlachas ARTICLE 19 go ndearna an comhlachas sin faireachas ar raon feidhme na rialuithe a rinneadh ar an idirlíon san Iaráin le roinnt blianta anuas agus gur léirigh sé i dtuarascáil dar teideal 'Iran Tightening the Net 2020' feidhmiú an bhonneagair idirlín sa tír sin agus a bhainistiú ag na húdaráis. Go háirithe, tá córas láraithe ann lenar féidir rochtain ar an idirlíon a ghearradh le linn agóidí ar lena linn a mheastar gur ceist slándála náisiúnta í bainistíocht an idirlín. Líomhnaítear go bhfuair an comhlachas ARTICLE 19 amach go gcuireann an t-iarratasóir, faoi rialú na hAireachta Cumarsáide, atá faoi rialú sheirbhísí faisnéise na hIaráine i ndáiríre, trealamh faireachais agus cinsireachta chun feidhme ar leibhéal na soláthraithe rochtana idirlín agus d'ordaigh sé go ngearrfaí agus go gcuirfí isteach ar rochtain ar an idirlíon thar cheann Chomhairle Uachtarach Náisiúnta na Slándála. Tagraítear in airteagal comhlachais Airteagal 19 chomh maith d'úsáid teicneolaíochtaí ag údaráis na hIaráine lena gcuirtear bac ar úsáid uirlisí chun dul timpeall ar chinsireacht idirlín, amhail líonraí príobháideacha fíorúla (VPN), chomh maith le gearrthacha nó cur isteach mór ar naisc idirlín shoghluiaste mar theaicticí cur faoi chois dhigitigh. Mar sin, tháinig borradh de réir a chéile ar úsáid gearrthacha rochtana ar idirlíon soghluaiste ó mhí na Samhna 2019 ar aghaidh. Baineadh úsáid as a leithéid de ghearrthacha go háirithe le linn agóidí réigiúnacha ó 2021 go dtí seo. Mar shampla, tuairiscítear gur cuireadh as feidhm naisc idirlín shoghluaiste i roinnt áiteanna an chuid is mó de na laethanta i ndiaidh na n-agóidí i ndiaidh bhás an Uasail Amini. Rinneadh difear leis na gearrthacha sin do na soláthraithe móra rochtana ar idirlíon soghluaiste ar feadh na tíre, a raibh drochthionchar aige ar rochtain ar an idirlíon i dtír inarb é an t-idirlíon soghluaiste an phríomhfhoinse rochtana ar an idirlíon le haghaidh an phobail.

90 Mar sin, fágann an méid roimhe seo go gcuirtear treise trí fhianaise is codanna de chomhad WK 307/2023 INIT leis na líomhaintí arna leagan amach in alt *The Intercept* agus, dá bhrí sin, murab ionann agus a bhfuil á áitiú ag an iarratasóir, níorbh iad na líomhaintí arna leagan amach in alt *The Intercept* an t-aon bhunús amháin a bhí ag an gComhairle. Dá bhrí sin, i bhfianaise chomhsheasmhacht na míreanna éagsúla fianaise agus na n-imthosca thuasluaite inar ullmhaíodh iad, d'fhéadfaí na líomhaintí sin a chur san áireamh go bailí.

An fiúntas a bhaineann le hainm an iarratasóra a chur leis an liosta

91 Mar réamhphointe, is tábhachtach a thabhairt faoi deara, bíodh is go n-áitíonn an t-iarratasóir go ndearna an Chomhairle 'earráid fhollasach mheasúnaithe ar na fíorais', nach mór na hargóintí arna gcur chun tosaigh aige chuige sin a mheas sa chaoi go gcuirtear faoi chonspóid leo míchruinneas ábhartha na bhfíoras arna gcur ina leith. Go deimhin, fágann na hargóintí arna ndéanamh aige mar thaca leis an tsaincheist dlí seo, arna dtabhairt chun cuimhne i mír 42 thuas, nach gcuireann an t-iarratasóir faoi chonspóid gur féidir leis na fíorais arna gcur ina leith a theacht faoi na critéir liostaithe dá bhforáiltear in Airteagal 3(1) agus (2) de Rialachán Uimh. 359/2011, ach fírinne an mhéid sin.

92 I ndáil leis sin, is léir ón gcásdlí dá dtagraítear i mír 62 den bhreithiúnas seo gurb éard atá i gceist leis an athbhreithniú arna dhéanamh ag cúirteanna an Aontais ná na fíorais arna líomhain sa ráiteas ar na cúiseanna is bun leis an gcinneadh lena nglactar bearta sriantacha i ndáil le heintiteas a fhíorú, ar dá réir nach bhfuil an fíorú sin teoranta don mheasúnú ar inchreidteacht theibí na bhforas arna n-agairt, ach go mbaineann sé le cé acu bunús a bheith nó gan bheith leis an na forais sin, nó le haon cheann acu a mheastar gur leordhóthanach é ann féin chun tacú leis an gcinneadh sin.

93 Ní mór measúnú a dhéanamh ar fhiúntas na bhforas sin trí scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise agus ar an bhfaisnéis, ní ina n-aonar, ach ina gcomhthéacs. Go deimhin, comhlíonann an Chomhairle an dualgas cruthúnais atá uirthi má chuireann sí sraith fianaise faoi bhráid chúirt an Aontais atá sonrach, beacht agus comhsheasmhach go leor chun a shuíomh go bhfuil nasc leordhóthanach ann idir an duine atá faoi réir beart sriantach agus an réimeas nó, go ginearálta, na staideanna atá á gcomhrac (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Iúil 2017, *Badica agus Kardiam* v *an Chomhairle*, C-248/15 P, EU:C:2017:532, mír 99 agus an cásdlí dá dtagraítear).

94 Is i bhfianaise na mbreithnithe sin nach mór a fhíorú an bhféadfadh an Chomhairle a mheas, agus an ceart aici, agus an gníomh atá faoi chonspóid á ghlacadh, gurbh fhéidir leis an iarratasóir a bheith faoi réir bearta sriantacha.

95 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, maidir le forálacha dhlí na hIaráine arna n-agairt ag an iarratasóir chun údar a thabhairt lena chosc dlíthiúil ar fhaireachas agus rialú a dhéanamh ar chumarsáid úsáideoirí líonraí soghluaiste na hIaráine, ní mór a thabhairt faoi deara, faoi Airteagal 25 de Bhunreacht Phoblacht Ioslamach na hIaráine, '[g]o bhfuil toirmeasc ar scrúdú agus ar neamhsheachadadh litreacha, ar thaifeadadh agus ar nochtadh comhráite teileafóin, ar nochtadh cumarsáide teileagrafaí agus teiléacs, ar chinsireacht [...] ar chúléisteacht cheilte agus ar aon chineál faireacháin, seachas i gcomhréir leis an dlí'.

96 Foráiltear don méid seo a leanas in Airteagal 582 de Chód Coiriúil na hIaráine:

'Gearrfar pionós priosúnachta bliana amháin go trí bliana nó fineála IRR 6 go 18 milliún ar oifigeach Stáit nó ar státseirbhíseach, i gcásanna seachas na cásanna a údaraítear de réir dlí, as rochtain a fháil ar litreacha nó ar chumarsáidí teileagrafacha nó teileafóin daoine, iad a idirghabháil, a scriosadh, a iniúchadh, a thaifeadadh nó a idircheapadh, nó a bhfuil iontu a nochtadh gan cead a n-úinéara.'

97 Foráiltear don méid seo a leanas in Airteagal 104 de Chód Coiriúil na hIaráine:

'Toirmiscfear rialú [idircheapadh] ar theileachumarsáid daoine aonair, seachas i gcás ina mbaineann sé le slándáil inmheánach nó sheachtrach na tíre nó i gcás ina meastar go bhfuil gá le himscrúdú a dhéanamh ar na coireanna a liostaítear in Airteagal 302(a), (b), (c) agus (d) den Chód seo. Sa chás sin, déantar an t-idircheapadh le formheas Uachtarán Chúirt Uachtarach an chúige agus le fad agus minicíocht an idircheaptha a chinneadh. Beidh idircheapadh comhráite teileafóin daoine agus státseirbhíseach arna liostú in Airteagal 307 den Chód seo faoi réir fhormheas Uachtarán na Cúirte Uachtaraí, agus ní fhéadfar an t-údarás sin a tharmligean chuig daoine eile.'

98 Leanann sé ó na forálacha sin, cé go bhfuil toirmeasc ar idircheapadh cumarsáide i bprionsabal, gur ceadmhach é ó thaobh an dlí de áfach, go háirithe 'i gcásanna ina bhfuil sé nasctha le slándáil inmheánach nó sheachtrach na tíre nó ina meastar go bhfuil sé riachtanach le haghaidh [coireanna áirithe]' nó 'i gcás ina mbaineann an cás le slándáil na tíre'. I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara go sainítear go han-leathan na cásanna inar ceadmhach idircheapadh teileachumarsáide ó thaobh an dlí de.

99 Thairis sin, is fíor go dtagtar salach ar argóint an iarratasóra chomh maith le lámhleabhar úsáide SIAM arna dhréachtú i mBéarla, ar lámhleabhar is deimhin nach gcuireann sé a bharántúlacht faoi chonspóid, ina maítear ‘de réir rialacha agus rialacháin an [iarratasóra] nach mór do gach oibreoir teileachumarsáide rochtain dhíreach ar a chóras a thabhairt [dó] chun faisnéis custaiméirí a fhiosrú agus a seirbhísí a mhodhnú tríd an tseirbhís gréasáin’.

100 Ar an dara dul síos, maidir le heaspa acmhainn theicniúil líomhainte beart faireacháin agus rialaithe ag an iarratasóir ar úsáideoirí líonraí soghluaiste na hIaráine, ní mór a chinneadh nach amhlaidh an cás.

101 Mar sin, is tábhachtach a chur i dtreis nach gcuireann an t-iarratasóir faoi chonspóid gurb ann do bhogearraí SIAM, ná d’orduithe ‘Force2GNumber’, ‘LocationCustomerList’, ‘GetCDR’, ‘GetIPDR’ agus ‘ApplySusplp’ ná do na córais ‘Legal Intercept’ (LI), ‘Control Illegal Devices’ (CID), ‘SHAHKAR’ et ‘SHAMSA’. Ní chuireann an t-iarratasóir faoi chonspóid ach oiread go n-úsáideann sé bogearraí SIAM agus na córais sin. Ní chuireann an t-iarratasóir i gcoinne bharántúlacht an chomhfhreagrais ríomhphoist idir a lucht ceannais agus oibreoir soghluaiste na hIaráine a luaitear in alt *The Intercept*, ná barántúlacht lámhleabhair úsáideora bogearraí SIAM, arbh i mBéarla a dréachtaíodh an chéad cheann acu agus arbh i bhFairsis a dréachtaíodh an dara ceann acu.

102 Go deimhin, ní dhéanann an t-iarratasóir ach a áitiú, ar an gcéad dul síos, nach bhfuil an éifeacht a chuireann an Chomhairle síos air ag úsáid na n-orduithe sin nó go gcomhlíontar cuspóir dlisteanach leo agus, ar an dara dul síos, gur coitianta na córais ‘Legal Intercept’ (LI), ‘Control Illegal Devices’ (CID), ‘SHAHKAR’ agus ‘SHAMSA’ i bhformhór na Stát.

103 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne go maítear i lámhleabhar úsáide bhogearraí SIAM, arna dhréachtú i mBéarla, ‘[d]e réir rialacha agus rialacháin an [iarratasóra] nach mór do gach oibreoir teileachumarsáide rochtain dhíreach ar a chóras a thabhairt [dó] chun faisnéis custaiméirí a fhiosrú agus a seirbhísí a mhodhnú tríd an tseirbhís gréasáin’.

104 Is fíor chomh maith, de réir an aistriúcháin Fraincise arna sholáthar ag an gComhairle go maítear i réamhrá lámhleabhar úsáide bhogearraí SIAM arna dhréachtú i bhFairsis go bhfuil sé de chuspóir ag na bogearraí sin ‘córas láraithe aonair aontaithe a chruthú chun iarratais a dhéanamh trí fhreastalaithe éagsúla’ agus ‘teagmhálacha agus gníomhaíocht úsáideoirí a bheith inbhainistithe inrialaithe’.

105 Ina theannta sin, luaitear i roinn ‘Prionsabail chumarsáide’ an lámhleabhair sin ‘go bhfuil na paraiméadair ionchuir san fhaisnéis a sheolann bogearraí SIAM maidir le gach modh (feidhm) cuardaigh chuig an oibreoir agus [gurb] iad na paraiméadair aschuir na sonraí freagartha ar chuardach (agus ord a n-aicmithe) [agus] nach mór d’oibreoirí an freagra le haghaidh gach feidhme arna hiarraidh a sheoladh chuig SIAM díreach de réir an oird agus an chomhdhéanaimh arna gcur síos sa roinn a bhaineann le paraiméadair aschuir na feidhme sin’.

106 Ina theannta sin, sonraítear sa lámhleabhar sin chomh maith nach mór d’oibreoirí ‘freagra a thabhairt lá is oíche (7X24) d’iarratais bhogearraí SIAM’ agus gurb ann don ‘threalamh ar fad ann is gá ó thaobh ríomhairí, bogearraí, cumarsáid líonra agus slándála amhail iomarcaíocht sonraí (Redundancy), dáileadh ualaigh (Road Balancing), ballaí dóiteáin (Firewall) agus gach rud eile is gá.’

107 Leanann sé ó na breithnithe seo go mbaineann orduithe bhogearraí SIAM le gach oibreoir soghluaiste de chuid na hIaráine agus go gceanglaítear orthu freagra a thabhairt de réir mar a fhoráiltear dó in am ar bith.

108 Is bhfianaise na dtorthaí sin nach mór measúnú a dhéanamh ar argóintí an iarratasóra a bhaineann le horduithe bhogearraí SIAM agus leis na córais 'Legal Intercept' (LI), 'Control Illegal Devices' (CID), 'SHAHKAR' agus 'SHAMSA'.

109 Mar sin, ó thaobh an ordaithe 'LocationCustomerList', áitíonn an t-iarratasóir go bhfuil úsáideoir líonra shoghluaiste inleanta tríd ós in-sainaitheanta leis úsáideoirí líonra shoghluaiste i limistéar de mhéad 200 m go 2 km timpeall ar aeróg athsheachadáin GSM. Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, go n-aithníonn an t-iarratasóir gurb in-sainaitheanta leis an ordú sin úsáideoirí uile líonra shoghluaiste atá i limistéar geografach áirithe, fiú más neaslimistéar é. Ina theannta sin, is léir sin ón gcur síos ar an ordú sin i lámhleabhar úsáideora bhogearraí SIAM arna dhréachtú i mBéarla, ina luaitear 'gur cheart don fheidhm seo, a fhaigheann paraiméadar suímh, liosta de na huimhreacha san áit sin a sholáthar'. Ina theannta sin, is léir ón lámhleabhar arna dhréachtú i bhFairsis go gceanglaítear leis an ordú 'IdentitySearch' ar oibreoirí na torthaí a sheoladh i bhfoirm 'tábla' ina léirítear, a mhéid a bhaineann le daoine nádúrtha, uimhir theileafóin, céadainm, sloinne, céadainm an athar, uimhir an teastais breithe, dáta breithe, cód poist, náisiúntacht, uimhir phas, seoladh nó seoltaí poist, cineál íocaíochta (réamhíoctha nó iaríoctha), cineál líne (cárta SIM nó eile), dáta deontais, seoladh IP, domhanfhad geografach agus domhanleithead geografach an tseolta.

110 Maidir leis an ordú 'Force2GNumber', áitíonn an t-iarratasóir, murab ionann agus an méid a mhaíonn an Chomhairle, nach gcuirtear leis an mbaol go haiceálfaí teagmhálaithe tríd. Mar a thugann an Chomhairle faoi deara, agus an ceart aici, áfach, ní thugtar faoi cheist an fíoras nach bhfuil sé d'éifeacht ag a leithéid d'ordú, lena bhféachtar le cur faoi deara go n-úsáidfí líonra 2G in ionad 3G nó 4G atá níos deireanaí, a dhéanamh nach féidir breathnú ar fhíseáin leis an teileafón sin nó iad a roinnt toisc, ar an mbun gur fíor é, nach gcuirtear tríd an ordú sin leis an mbaol haiceáilte.

111 Maidir leis na horduithe 'GetCDR' agus 'GetIPDR', áitíonn an t-iarratasóir go ndéantar le 'GetCDR' go bhfuil teacht ar stair teileafóin agus gurb infhaigthe le 'GetIPDR' seoladh IP gléasanna ina bhfuil cárta SIM áirithe gníomhachtaithe. Dar leis an iarratasóir, ní dhéantar leis na feidhmeanna sin ach freagra a thabhairt ar iarratais ar fhiosrúcháin bhreithiúnacha agus is uirlisí bunriachtanacha iad atá ar fáil do na cúirteanna, rud a léirítear leis na horduithe cúirte agus ríomhphoist na bpóilíní atá i gceangal leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an bhfreagra. Ar an gcéad dul síos, áfach, ní mór a thabhairt faoi deara nach soláthraíonn an t-iarratasóir aon fhianaise chun a léiriú nach bhféadfaí an t-iarratas sin a úsáid ach ar mhaithe le freagraí ar cheisteanna dlisteanacha chúirteanna na hIaráine agus na n-údarás póilíneachta. Ar an dara dul síos, mar a thugtar faoi deara i mír 98 thuas, sainítear go han-leathan na cásanna inar ceadmhach idircheapadh teileachumarsáide ó thaobh an dlí de.

112 Maidir leis na horduithe 'ApplySusp' agus 'ApplySuspIP', áitíonn an t-iarratasóir go gcuirtear ar chumas leo siúd cártaí SIM a dhíchumasú a dhearbhaíonn úsáideoirí gur cailleadh nó gur goideadh iad nó ar le daoine a dhearbhaítear go bhfuil siad básaithe. Cuireann an t-iarratasóir in iúl gur gnáthchumas amach is amach é sin agus go bhfuil sé inchurtha leis an gcumas atá ag comhlachtaí rialála na dtíortha eile amhail an Ghearmáin. I ndáil leis sin, is fíor gur léir ón tuarascáil dar teideal 'Iran: Government surveillance capacity and control, including media censorship and surveillance of individual Internet activity' arna foilsiú an 16 Eanáir 2015 ag

Immigration and Refugee Board of Canada (Iarscríbhinn B.8), ón tuarascáil arna foilsiú ag Amnesty International an 16 Samhain 2020 maidir le hagoidí mhí na Samhana 2019 san Iaráin, ó na gearrthacha idirlín (Iarscríbhinn B.10) agus ón tuarascáil arna foilsiú ag an ngníomhaireacht preasa Human Rights Activists News Agency (HRANA) an 8 Nollaig 2022, ina bhfuil scrúdú staidrimh, anailís agus achoimre ar na 82 chéad lá de na hagóidí agus ina sonraítear líon measta na mbásanna agus na ngabhálacha (Iarscríbhinn B.3) agus ó thuarascáil 2022 maidir le saoirse idirlín san Iaráin arna foilsiú ag Freedom House (Iarscríbhinn B.6) gurb é is saintréith den chomhthéacs san Iaráin ná an réimeas a chur faoi chonspóid go tráthrialta ag an bpobal sibhialta, rud a chuireann údaráis na tíre sin faoi chois go córasach le cúnamh, go háirithe, ó mhodhanna faireacháin idirlín. Sna himthosca sin, ní féidir a chur as an áireamh, mar a thugann an Chomhairle faoi deara, go bhféadfadh údaráis na hIaráine mí-úsáid a bhaint, chun críoch smachtúil, as na horduithe arna gceapadh ar dtús chun críocha 'dleathacha', amhail 'ApplySusp' agus 'ApplySuspIP'.

113 Maidir le comhpháirteanna feidhmiúla chóras idircheaptha cumarsáide na hIaráine, deir an t-iarratasóir nach bhfuil sa chóras 'SHAHKAR' ach líonra chun céannacht an úsáideora cumarsáide a fhíorú tráth a shanntar a chárta SIM, arb é is cuspóir dó calaois a sheachaint. De réir an iarratasóra, bailítear sa chóras sin faisnéis ar an duine lena mbaineann gach cárta SIM nó líne seasta agus cruthaítear leis bunachar sonraí a úsáidtear chun calaois, ciapadh nó a gcomhchosúil de ghníomhaíochtaí coiriúla a chomhrac. Is fíor, áfach, go míníonn an t-iarratasóir chomh maith, *inter alia*, go bhfuil céannacht úsáideoirí seirbhísí cumarsáide infhíoraithe ag oibreoirí soghluaiste na hIaráine leis an gcóras sin. Mar a luaitear i mír 107 thuas, seoltar orduithe bhogearraí SIAM chuig gach oibreoir soghluaiste de chuid na hIaráine agus ceanglaítear orthu freagra a thabhairt orthu de réir mar a fhoráiltear dó in am ar bith agus rochtain bhuan a thabhairt do bhogearraí SIAM ar na sonraí atá acu faoi úsáideoirí. Tugtar le tuiscint uaidh sin nach bhféadfaí, tríd an míniú arna sholáthar ag an iarratasóir, ráiteas na Comhairle a dhíbhe gur comhpháirt fheidhmiúil chóras idircheaptha de chuid údarás na hIaráine an córas 'SHAHKAR'.

114 Ó thaobh chóras 'SHAMSA', cuireann an t-iarratasóir faoi chonspóid gur 'comhéadan bailithe sonraí gutha agus SMS ar an mórchóir (CDR) agus shonraí IP (IPDR)' é mar a áitíonn an Chomhairle. De réir an iarratasóra, níl ann ach 'líonra nó bealach cumarsáide idir [an t-iarratasóir] agus na hoibreoirí [soghluaiste], trína n-idirghníomhaíonn na hoibreoirí sin trí chóid agus orduithe a chur isteach'. Arís, ag féachaint, ar an gcéad dul síos, don chinneadh arna dhéanamh i mír 107 thuas go mbaineann orduithe bhogearraí SIAM le gach oibreoir soghluaiste de chuid na hIaráine agus go gceanglaítear orthu freagra a thabhairt orthu de réir mar a fhoráiltear dó in am ar bith agus, ar an dara dul síos, don tagairt i gclár ábhar lámhleabhar úsáideora bhogearraí SIAM arna dhréachtú i bhFairsis, de réir an aistriúcháin Fraincise arna sholáthar ag an gComhairle, d'ordú chun teachtaireachtaí SMS a aistriú chuig uimhir, níl mórán dealraimh ar an míniú arna sholáthar ag an iarratasóir.

115 Ó thaobh chóras 'CID', áitíonn an t-iarratasóir gurb go gcumasaítear leis an gcóras sin uimhir ghairis, uimhir teileafóin shoghluaiste agus uimhir chárta SIM. An t-aon fheidhm amháin atá ag an gcóras sin ná dleathacht allmhairiú teileafón soghluaiste agus gléasanna leictreonacha go dtí an Iaráin a aithint agus a rialú a bhféadfaí cárta SIM a chur leo ar mhaithe leis an bhfaisnéis sin a chur in iúl ansin d'oibreoirí teileachumarsáide. Arís eile, sa bhreis ar chuspóir maíte dlisteanach an chórais sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne gur cinneadh nach mór d'oibreoirí soghluaiste na hIaráine rochtain bhuan a thabhairt don iarratasóir, trí bhogearraí SIAM, ar an bhfaisnéis atá acu ar a n-úsáideoirí, ar dá réir a bhfuil teacht ag an iarratasóir ar na sonraí arna mbailiú i gcóras 'CID' mar sin.

116 Ar deireadh, ó thaobh chóras 'LI', admhaíonn an t-iarratasóir gur córas slándála ar dá réir a d'fhéadfaí a iarraidh ar oibreoir líonra teachtaireachtaí arna n-idircheapadh ó dhaoine aonair nó ó eagraíochtaí a bhailiú agus a sholáthar do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí. Cuireann an t-iarratasóir i dtreis go bhfuil an córas sin faoi dhianrialú fhorálacha infheidhme dhlí na hIaráine. Mar sin féin, mar a luaitear i mír 98 thuas, is léir ó fhorálacha dhlí na hIaráine arna n-agairt ag an iarratasóir féin go sainítear go han-leathan na cásanna ina bhféadfaí teileachumarsáid a idircheapadh de réir an dlí.

117 I bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i míreanna 95 go 115 den bhreithiúnas seo, ní mór a mheas gur chuir an Chomhairle sraith fianaise os comhair na Cúirte Ginearálta atá sonrach, beacht agus comhsheasmhach go leor chun a shuíomh go bhfuil nasc leordhóthanach ann idir an t-iarratasóir agus an staid atá á comhrac sa chás seo, eadhon cur faoi chois agóideoirí síochánta, iriseoirí, chosantóirí chearta an duine, mic léinn agus daoine eile a labhraíonn amach lena gcearta dlisteanacha a chosaint.

118 Dá réir sin, ní mór diúltú do ghearáin an iarratasóra lena n-éilítear míchruinneas ábhartha na bhfíoras.

119 Tugtar le tuiscint uaidh sin mór diúltú don tríú saincheist dlí toisc í a bheith gan bhunús ina hiomláine.

An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta

120 Áitíonn an t-iarratasóir go bhfuil na bearta sriantacha a bhfuil sé faoina réir mar gheall ar a n-áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 359/2011 contrártha do phrionsabal na comhréireachta.

121 Chuige sin, ar an gcéad dul síos, maíonn an t-iarratasóir go raibh sé de thoradh ar na 'smachtbannaí idirnáisiúnta' arna nglacadh san am a caitheadh i gcoinne na hIaráine gur coinníodh siar uirlisí thar a bheith fónta di, ar uirlisí iad a úsáidtear ceann acu le forluí mhinicíochtaí na hIaráine ar mhinicíochtaí na Stát máguaird a sheachaint agus a úsáidtear ceann eile acu, *Location Based System*, chun gléasanna nasctha a aimsiú go beacht. Thairis sin, cuirtear cosc leis na smachtbhannaí arna bhforchur ar an Iaráin ar an iarratasóir a ról mar rialtóir minicíochtaí a chomhlíonadh agus dea-fheidhmiú an líonra náisiúnta teileachumarsáide a áirithiú.

122 Ar an dara dul síos, áitíonn an t-iarratasóir go gcuirtear cosc air leis na 'smachtbhannaí' air a bheith mar chuid de Global System for Mobile Communications Association (GSMA) agus nach féidir leis, dá bhrí sin, clár GSMA a úsáid chun cosc a chur ar ghléasanna góchumtha neamhdhleathach a dheisiú. Tá roinnt iarmhairtí díobhálacha ag baint leis sin, lena n-áirítear, go háirithe, nach féidir leis an Iaráin calaois a chomhrac go héifeachtúil, margadh comhthreomhar a chruthú le haghaidh teileafóin ghoidte nó gan bheith in ann teileafóin ghoidte a thabhairt ar ais dá n-úinéirí.

123 Cuireann an Chomhairle argóintí an iarratasóra faoi chonspóid.

124 Ní mór a thabhairt chun cuimhne, de réir phrionsabal na comhréireachta, atá ina chuid de phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, go bhfuil dleathacht an choisc ar ghníomhaíocht eacnamaíochta faoi réir an choinníll gurb iomchuí riachtanach na bearta coisc chun na cuspóirí arna saothrú go dlisteanach leis na rialacháin atá i gceist a bhaint amach, ar an mbun tuisceana, i gcás ina bhfuil rogha ann idir roinnt beart iomchuí, nach mór dul i muinín an cheann is lú sriantaí

agus go gcaithfidh nach bhfuil na míbhuntáisti díréireach do na haidhmeanna atá á saothrú (féach breithiúnas an 6 Meán Fómhair 2013, *Bank Melli Iran* v *an Chomhairle*, T-35/10 agus T-7/11, EU:T:2 013:397, mír 179 agus an cásdlí dá dtagraítear).

125 Thairis sin, cé gur coinníoll dhleathacht bhearta an Aontais é cearta bunúsacha a urramú, is cásdlí socair é nach bhfuil cosaint absalóideach faoi dhlí an Aontais ag na cearta bunúsacha sin, ach nach mór iad a chur san áireamh i ndáil lena bhfeidhm sa tsochaí. Mar sin, d'fhéadfaí srianta a chur le húsáid na gceart sin, ar an gcoinníoll go bhfuil siad ag teacht i ndáiríre leis na cuspóirí leasa ghinearálta arna saothrú ag an Aontas agus nach ionann iad, i bhfianaise na haidhme arna saothrú, agus beart díréireach do-ghlactha lena ndéanfaí difear do shubstaint fiú na gceart arna ráthú mar sin (féach breithiúnas an 13 Meán Fómhair 2013, *Makhlouf* v *an Chomhairle*, T-383/11, EU:T:2013:431, mír 97 agus an cásdlí dá dtagraítear; breithiúnas an 16 Eanáir 2019, *Haswani* v *an Chomhairle*, T-477/17, nár foilsíodh, EU:T:2019:7, mír 74).

126 Sa chás seo, ní mór a chur i dtreis nach gcuireann an t-iarratasóir aon argóint chun cinn lena bhféadfaí a léiriú nach bhfuil cuspóir dlisteanach leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear le Rialachán Uimh. 359/2011 agus a bhfuil sé faoina réir de réir ghlacadh an Rialacháin atá faoi chonspóid nó nach bhfuil siad riachtanach ná iomchuí chun an cuspóir sin a bhaint amach. Go deimhin, ní dhéanann sé ach a áitiú, go bunúsach, gur imríodh drochthionchar ar a cumas a cúraimí a chur i gcrích leis na smachtbhannaí idirnáisiúnta a bhí an Iaráin faoina réir san am a caitheadh, gan nasc cúisíoch riachtanach a bhunú leis na bearta dá bhforáiltear le Rialachán Uimh. 359/2011.

127 In aon chás, is fíor go bhfuil sé ar na cuspóirí arna saothrú le Rialachán Uimh. 359/2011, mar is léir, go bunúsach, ó aithrisí 1 agus 2 de, brú a chur, le reo cistí agus acmhainní airgeadais, ar dhaoine agus eintitis áirithe atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin a ordú nó a chur chun feidhme trí ghníomhartha lena gcuirtear faoi chois agóideoirí síochánta, iriseoirí, cosantóirí chearta an duine, mic léinn nó daoine eile a labhraíonn amach chun a gcearta dlisteanacha a chosaint, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

128 Ní mór a lua gur cuspóir dlisteanach comhbheartais eachtraigh agus slándála (CBES) a leithéid de chuspóir, eadhon neart a chur, agus tacú, leis an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta, dá dtagraítear in Airteagal 21(2)(b) CAE.

129 Ina theannta sin, ní fhéadfaí a mheas gurb iomchuí na bearta sriantacha dá bhforáiltear le Rialachán Uimh. 359/2011 i bhfianaise an phríomhróil atá ag an iarratasóir i gcur chun feidhme cheanglais rialtais na hIaráine maidir le hábhar idirlín a scagadh trí bhogearraí spiaireachta SIAM, mar is léir ón scrúdú ar an tríú saincheist dlí.

130 Thairis sin, ní mór a mheas gur gá na bearta sin ós rud é, mar a thugann an Chomhairle dá haire i gceart, nár léiríodh gurbh fhéidir an cuspóir arna shaothrú a bhaint amach go héifeachtúil mar an gcéanna trína malairt de bhearta atá níos lú ceangailtí amhail córas um réamhúdarú nó oibleagáid údar a thabhairt *a posteriori* le húsáid na gcistí arna n-íoc.

131 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don cheathrú saincheist dlí toisc í a bheith gan bhunús.

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear, go bunúsach, mí-úsáid cumhachtaí

132 Áitíonn an t-iarratasóir, cé nach bhfuil sé de chumhacht na Comhairle an Rialachán atá faoi chonspóid a ghlacadh, go bhfuil an Rialachán curtha ó bhail mí-úsáid cumhachtaí ag an gComhairle ina leith. De réir an iarratasóra, an príomhúdar leis an mí-úsáid cumhachtaí sin ná gurbh í an fhíorchúis ag an gComhairle lena ainm a chur le hIarscríbhinn I de Rialachán Uimh. 359/2011 ab ea difear a dhéanamh do Stát na hIaráine.

133 Mar sin, maíonn sé nár ghearr an Chomhairle pionós ar an iarratasóir as a ghníomhaíocht, mar a luaitear go bréagach sa Rialachán atá faoi chonspóid, ach amháin mar gheall ar a chineál rialtais mar thoradh ar a chleamhnacht leis an Aireacht Chumarsáide, mar is amhlaidh an cás in aon tír eile. Tríd an iarratasóir a chur faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i Rialachán Uimh. 359/2011, féachann an Chomhairle le smachtbhanna a ghearradh as a chleamhnacht agus leis údaráis na hIaráine a chur ó chumas mar sin.

134 De réir an iarratasóra, i gcomhréir leis an gcásdlí, cé go bhféadfaí cur le hábhar amhrais ag an gComhairle trí stádas dlíthiúil duine atá faoi réir na mbeart sriantach nó a nasc dlíthiúil nó eacnamaíoch le rialtas tíre, ní féidir leis, ann féin, údar a thabhairt le glacadh a leithéide de bhearta.

135 Áitíonn sé go léiríonn céannacht na ndaoine eile a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 359/2011 chomh maith gurb iomarcach an t-iarratasóir a chur leis an Iarscríbhinn sin.

136 Thairis sin, cuireann an t-iarratasóir béim air go ndearna an Chomhairle aithris leis na bearta sriantacha ar na smachtbhannaí arna nglacadh ag Office of Foreign Assets Control, ar léiriú iad ar easchairdeas polaitiúil i ndáil le Poblacht Ioslamach na hIaráine.

137 Cuireann an Chomhairle argóintí an iarratasóra faoi chonspóid.

138 Ní mór a thabhairt chun cuimhne, de réir chásdlí na Cúirte, nach gcuirtear beart ó bhail trí mhí-úsáid cumhachtaí ach amháin más cosúil, ar bhonn sraith fianaise oibiachtúla ábhartha comhsheasmhaí gur glacadh é leis an gcuspóir eisiach, nó leis an bpríomhchuspóir ar a laghad, críocha a bhaint amach seachas na críocha beartaithe nó dul timpeall ar nós imeachta a fhoráiltear dó go sonrach sa chonradh chun plé le himthosca an cháis (féach breithiúnas an 31 Eanáir 2019, *Islamic Republic of Iran Shipping Lines agus páirtithe eile* v *an Chomhairle*, C-225/17 P, EU:C:2019:82, mír 115 agus an cásdlí dá dtagraítear).

139 Sa chás seo, áitíonn an t-iarratasóir nár chuir an Chomhairle a ainm le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 359/2011 ach mar gheall ar a chineál rialtais de réir a chleamhachta leis an Aireacht Chumarsáide agus ní mar gheall ar a ghníomhaíocht féin.

140 Mar sin féin, is léir ón scrúdú ar an dara saincheist dlí (féach míreanna 25 go 34thuas) nárbh é an t-aon chúis amháin lena ainm a chur le hIarscríbhinn I de Rialachán Uimh. 359/2011 tríd an Rialachán faoi chonspóid a chleamhnacht leis an Aireacht Chumarsáide, ach cur i bhfeidhm cheanglais rialtas na hIaráine maidir le hábhar idirlín a scagadh trí bhogearraí spiaireachta SIAM agus go háirithe, gur bhain sé leas as an rialú a dhéanann sé ar rochtain ar an idirlíon agus ar fhóin phóca chun lorg na n-agóideoirí a leanúint agus léargas mionsonraithe ghníomhaíochtaí na n-agóideoirí a chruthú, a d'úsáid na húdaráis de réir a mianta féin le linn na n-agóidí in 2022 tar éis bhás an Uasail Amini.

141 Ina theannta sin, is léir ón scrúdú ar an tríú saincheist dlí go raibh bunús fíorasach a bhí láidir a dhóthain leis na forais arna n-agairt ag an gComhairle chun údar a thabhairt le ainm an iarratasóir a chur le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 359/2011 tríd an Rialachán faoi chonspóid.

142 Thairis sin, ní chuireann an t-iarratasóir bonn taca leis gurb ábhartha chun a léiriú go ndearna an Chomhairle mí-úsáid cumhachtaí sa chás seo, de réir an chásdlí a thugtar chun cuimhne i mír 138 thuas, go bhfuil ainm daoine eile in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 359/2011, a shonraíonn sé nár mhian leis aon rud a rá nó toisc gur chinn Stáit Aontaithe Mheiriceá bearta sriantacha a ghlacadh ina leith chomh maith.

143 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad saincheist dlí toisc í a bheith gan bhunús agus, dá bhrí sin, ní mór an chaingean a dhíbhe ina hiomláine.

Costais

144 Faoi Airteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis. Sa chás seo, ós rud é nár éirigh leis an iarratasóir, ní mór a ordú dó a chostais féin a iompar agus costais na Comhairle a íoc, de réir an ordaithe atá á lorg ag an iarratasóir.

Ar na forais sin,

rialaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Séú Dlísheomra)

mar seo a leanas:

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Communications Regulatory Authority (CRA) na costais a íoc.

Costeira Kancheva Öberg

Fógraíodh amhlaidh i gcúirt phoiblí i Lucsamburg, an.

Sínithe